



An Bhruiséil, 10 Nollaig 2017
(OR. en)

15630/17

WTO 312

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Na chéad chonclúidí ón gComhairle maidir leis an 11ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na chéad chonclúidí ón gComhairle maidir leis an 11ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála, mar a ghlac an Chomhairle iad ar an 10 Nollaig 2017.

Na chéad chonclúidí ón gComhairle

maidir leis an 11ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála

1. Creideann an tAontas Eorpach go mór go gcuidíonn an trádáil le rachmas agus le poist a chruthú, agus tá sé tiomanta do chóras iltaobhach trádála atá oscailte agus bunaithe ar rialacha, agus ról lárnach ann do WTO. Tacaíonn an tAontas Eorpach le pacáiste atá uailmhianach ach réalaióch agus cothrom don 11ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (CA11) in Buenos Aires, agus beidh sé ag súil go mbeidh rannpháirtíocht chuiditheach leordhóthanach ó gach ball de WTO, lena léireofar a gcuid cumas ina n-iomláine. Cuirfidh an tAontas i gcoinne aon iarrachtaí an bonn a bhaint ón gcóras iltaobhach nó é a lagú, lena n-áirítear réiteach díospóidí mar cheann dá cholún láir. Tá an tAontas Eorpach réidh le bealaí a fhiosrú chun WTO a neartú, lena n-áirítear a fheidhmeanna idirbheartaíochta, faireacháin agus réitithe díospóide.
2. Tacaíonn an Chomhairle le toradh substainteach a bhaint amach maidir le fóirdheontais iascaireachta, a théann thar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte (NNN), agus lena n-áirítear disciplíní soiléire.
3. Meabhraíonn an Chomhairle gurb é atá sa togra comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus an Bhrasaíl maidir le tacaíocht intíre sa talmhaíocht ná cur chuige réasúnach cothrom chun dul i ngleic le tacaíocht intíre agus stocshealbhaíocht phoiblí chun críocha slándála bia ar bhealach cuimsitheach. Feictear don Aontas go bhfuil dlúthnasc idir ceist na stocshealbhaíochta poiblí chun críocha slándála bia agus tacaíocht intíre sa talmhaíocht. Tá an Chomhairle réidh le tacú le torthaí réasúnacha cothroma sna réimsí sin, agus le hiarrataí ó thíortha i mbéal forbartha agus go háirithe na tíortha is lú forbairt, gan dochar don phlé atá ar siúl faoi láthair nó atá le teacht maidir le beartas talmhaíochta an Aontais.

4. Tá an Chomhairle tiomanta freisin do dhul chun cinn a bhaint amach ag CA11 maidir le ríomhthráchtáil, rialáil intíre ar sheirbhísí, trédhearcacht agus dea-chleachtais rialála i dtaca le fiontair bheaga agus mheánmhéide, éascú infheistíochta, chomh maith le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, agus srianta ar onnmhairí talmhaíochta. Tá sé fíorthábhachtach freisin, dar leis an gComhairle, go ndéanfaí idirphlé a thabhairt céim chun cinn i WTO maidir le fóirdheontais chothrománacha. Cuireann an Chomhairle béim mar sin ar a thábhachtaí agus atá sé breathnú ar bhealaí éagsúla chun dul chun cinn a dhéanamh ar na saincheisteanna aonair sin. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle ráitis chomhpháirteacha a fháil ó Chomhaltaí leasmhara ina leagtar amach an bealach chun cinn d'fhonn plé iltaobhach a dhoimhniú.
5. Tacaíonn an Chomhairle le hiarrachtaí an Choimisiúin maidir le rath na Comhdhála agus tá sí ag tnúth le comhordú maith idir na Ballstáit agus an Coimisiún ag CA11. Measfaidh sí an dul chun cinn a dhéanfar i dtaca le toradh cothrom a bhaint amach i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach thuas. Chun na críche sin, tá an Chomhairle ag tnúth leis na tograí ón gCoimisiún i ndáil le seasaimh chaibidlíochta an Aontais i dtaca leis na dréacht-téacsanna atá á bplé sa EDT. Is fada léi freisin go dtíolacfaidh an Coimisiún na téacsanna a ndearna EDT caibidliú ina leith chun go bhformheasfaidh an Chomhairle iad thar ceann an Aontais sula nglacfaidh comhlachtaí EDT iad go críochnaitheach.
6. Is díol sásaimh don Chomhairle an Dearbhú Comhpháirteach maidir le Trádáil agus Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan a dhéanfar ag an 11ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus tacaíonn sí leis an Dearbhú sin.